Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Meitheamh 2026
(OR. en)

10587/26

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0153 (NLE)**

**FISC 223**
**ECOFIN 821**
**ENER 402**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 15 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 285 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE<br>lena n-údaraítear an Chróit le rátaí laghdaithe dleachta máil a chur i bhfeidhm maidir le gás-ola agus peitreal gan luaidhe a úsáidtear mar bhreoslaí d’fheithiclí, de bhun Airteagal 19 de Threoir 2003/96/CE |

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.6.2026
COM(2026) 285 final

2026/0153 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena n-údaraítear an Chróit le rátaí laghdaithe dleachta máil a chur i bhfeidhm maidir le gás-ola agus peitreal gan luaidhe a úsáidtear mar bhreoslaí d'fheithiclí, de bhun Airteagal 19 de Threoir 2003/96/CE

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Déantar cánachas ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas san Aontas a rialáil le Treoir 2003/96/CE ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2003 lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Chomhphobail le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas[1] (an 'Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh' nó an 'Treoir').

De bhun Airteagal 19(1) den Treoir, sa bhreis ar na forálacha a leagtar síos in Airteagail 5, 15 agus 17 go háirithe, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, aon Bhallstát a údarú chun díolúintí nó laghduithe sa bhreis ó thaobh leibhéal an chánachais de a thabhairt isteach le haghaidh breithnithe sonracha beartais.

Le litir dar dáta an 2 Aibreán 2026 chuir údaráis na Cróite an Coimisiún ar an eolas go raibh sé ar intinn acu iarratas a dhéanamh ar údarú chun laghdú sealadach a chur i bhfeidhm ar na rátaí cánach náisiúnta le haghaidh peitreal gan luaidhe agus gás-ola a úsáidtear mar bhreoslaí d'fheithiclí, a théann faoi bhun na n-íosleibhéal cánachais mar a leagtar síos in Airteagal 7 agus i dTábla A d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir.

Le ríomhphoist dar dáta an 29 Aibreán 2026 agus an 7 Bealtaine 2026 d'fhreagair údaráis na Cróite iarrataí breise ar fhaisnéis ón gCoimisiún Eorpach.

Is é EUR 0,2195 in aghaidh an lítir an laghdú a iarradh le haghaidh peitreal gan luaidhe agus EUR 0,225 in aghaidh an lítir le haghaidh gás-ola a úsáidtear mar bhreoslaí d'fheithiclí.

Tréimhse 6 mhí atá sa tréimhse bhailíochta a iarradh, a thosóidh a luaithe a ghlacfaidh an Chomhairle an cinneadh, ar tréimhse í atá laistigh den uastréimhse a cheadaítear le hAirteagal 19(2) den Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh.

De réir údaráis na Cróite, is é is aidhm don bheart na praghsanna arda miondíola ar ghás-ola agus ar pheitreal sa tír a mhaolú, praghsanna arda atá ann mar thoradh ar fhorbairtí geopholaitiúla a tharla le déanaí agus a dhéanann difear díreach do theaghlaigh agus do chuideachtaí araon.

Mar fhreagairt ar ghéarchéim fuinnimh 2022, mar thoradh ar chogadh na hÚcráine, deonaíodh trí mhaolú ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh do na Ballstáit agus é mar chuspóir acu na praghsanna arda breosla miondíola a eascraíonn as na forbairtí geopholaitiúla ag an am a mhaolú agus a dhéanann difear díreach do theaghlaigh agus do chuideachtaí araon[2].

Sna conclúidí ón gComhairle Eorpach an 19 Márta 2026, chuir an Chomhairle i bhfios go láidir gurb é an t-aistriú fuinnimh an straitéis is éifeachtaí i gcónaí chun uathriail straitéiseach na hEorpa a bhaint amach, an athléimneacht a neartú, agus an fuinneamh glan flúirseach de thionscnamh AE is gá a sholáthar chun geilleagar na todhchaí a chumhachtú.

An tráth céanna, d'aithin an Chomhairle Eorpach go bhfuil gá le réitigh spriocdhírithe sa ghearrthéarma chun fuinneamh inacmhainne a áirithiú, agus neodracht theicneolaíoch agus

[1] IO L 283, 31.10.2003, lgh. 51–70.

[2] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1843 ón gComhairle, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1662 ón gComhairle, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1197 ón gComhairle.

cásanna sonracha na mBallstát, neamhchosaint ar leith earnálacha tionsclaíocha áirithe ar an mbaol athlonnaithe, agus an gá atá le feabhas a chur ar na dálaí le haghaidh earnálacha nuálacha dianfhuinnimh á gcur san áireamh, gan an bonn a bhaint ón intuarthacht ná ón gcothroime iomaíochta.

I bhfianaise an mhéid sin, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún bosca uirlisí de bhearta sealadacha spriocdhírithe a thíolacadh gan mhoill chun aghaidh a thabhairt ar an méadú a tháinig ar phraghsanna breoslaí iontaise allmhairithe le déanaí de dheasca na géarchéime sa Mheánoirthear. Sna Conclúidí ón gComhairle Eorpach, tugtar treoraíocht pholaitiúil ó na Ballstáit agus is sainordú polaitiúil iad chun bearta fioscacha a ghlacadh lena gceadaítear na solúbthachtaí a iarradh. Moltar go soiléir sna Conclúidí sin úsáid iomlán a bhaint as na maoluithe agus na solúbthachtaí dá bhforáiltear sa Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh, lena n-áirítear rátaí laghdaithe sealadacha a ghlacadh, atá nasctha go cúramach leis na himthosca urghnácha agus le cuspóirí na hinacmhainneachta fuinnimh.

Bheadh sé de chuspóir ag na bearta sin é a chur ar a gcumas do na Ballstáit réitigh spriocdhírithe shealadacha a fhorbairt chun dul i ngleic le tionchar diúltach na ngéarchéimeanna fuinnimh atá ann faoi láthair ar phraghsanna. Tá gá leis na réitigh spriocdhírithe sin sa ghearrthéarma chun fuinneamh inacmhainne a áirithiú, agus neodracht theicneolaíoch agus cásanna sonracha na mBallstát, neamhchosaint ar leith earnálacha tionsclaíocha áirithe ar an mbaol athlonnaithe, agus an gá atá le feabhas a chur ar na dálaí le haghaidh earnálacha nuálacha dianfhuinnimh á gcur san áireamh, gan an bonn a bhaint ón intuarthacht ná ón gcothroime iomaíochta.

Ó thosaigh an choinbhleacht an 28 Feabhra 2026 agus ó cuireadh isteach ar Chaolas Hormuz dá dheasca sin, tá méadú tagtha ar an bpraghas ola (Brent) ó thart ar EUR 60 in aghaidh an bhairille go dtí os cionn EUR 90 in aghaidh an bhairille[3]. Tar éis an mhéadaithe sin ar phraghsanna, tuairiscíodh na meánphraghsanna breosla sa Chróit mar a leanas[4]:

| | Peitreal (Super 95) | Gás-ola |
|---|---|---|
| 30/3/26 | €1.68 | €1.88 |
| 23/3/26 | €1.57 | €1.69 |
| 16/3/26 | €1.55 | €1.67 |
| 9/3/26 | €1.50 | €1.54 |
| 2/3/26 | €1.48 | €1.51 |
| 23/2/26 | €1.47 | €1.49 |
| 16/2/26 | €1.46 | €1.50 |

I bhfianaise na bhforbairtí is déanaí maidir le praghsanna fuinnimh ola laistigh de thréimhse an mhaolaithe, meastar go leanfaidh praghsanna de bheith ard. Ina dhiaidh sin, beidh ionchais ag brath go mór ar fhad na coinbhleachta sa Mheánoirthear agus ar an gcur isteach ar Chaolas Hormuz.

Meastar go bhfanfaidh praghsanna ola ard fad a bheidh an choinbhleacht agus an cur isteach ar Chaolas Hormuz fós ar siúl. Bíonn praghsanna breosla faoi réir dhinimic phraghas na hamhola agus bíonn moill seachtaine nó coiscíse ann, agus an t-idirdhealú ann gur gnách nach

[3] AS ENER, Feasachán seachtainiúil maidir le hola, an 2 Aibreán 2026, https://energy.ec.europa.eu/data-and-analysis/weekly-oil-bulletin_ga.

[4] AS ENER, Feasachán seachtainiúil maidir le hola, an 2 Aibreán 2026, https://energy.ec.europa.eu/data-and-analysis/weekly-oil-bulletin_ga.

bhfreagraíonn praghsanna gásailín chomh díreach céanna do phraghsanna ola, agus gur gnách go mbíonn an díosal agus an scaird-bhreosla atá á n-allmhairiú ag an Aontas níos luainí ná praghsanna amhola.

Le cineál domhanda na bpraghsanna ola agus an tionchar teoranta atá ag na Ballstáit ar na praghsanna sin, is géarchéim eisginiúil í an ghéarchéim seo. Beidh Ballstáit uile an Aontais faoi réir praghsanna domhanda comhchosúla ar tháirgí fuinnimh. Beidh difríocht mhór, áfach, idir cumas na mBallstát déileáil le harduithe ar phraghsanna, mar shampla, ag brath ar ioncam, ar mhodh iompair, ar fhoinse téimh agus ar éifeachtúlacht fuinnimh tithíochta. Fágfaidh sé sin go mbeidh éifeachtaí na n-arduithe ar phraghsanna neamhshiméadrach. Ina theannta sin, is gnách go gcaitheann teaghlaigh ar ioncam íseal cuid níos mó dá n-ioncam ar thomhaltas, seachas ar infheistíochtaí nó ar choigilteas. Dá bhrí sin, bíonn tionchar níos mó ag arduithe ar phraghsanna tomhaltais ar theaghlaigh ar ioncam íseal.

Ó thosaigh an cogadh an 28 Feabhra 2026 agus ón méadú ar phraghsanna fuinnimh a tháinig as sin, ghlac Rialtas Phoblacht na Cróite, an 10 Márta 2026, leasú ar an Rialachán maidir le Dleacht Mháil ar Fhuinneamh agus ar Leictreachas, arb é is aidhm dó an méadú ar phraghas miondíola táirgí fuinnimh a mhaolú. Leis an leasú sin, laghdaíodh an dleacht mháil ar ghás-ola a úsáidtear mar bhreosla d’fheithiclí faoi EUR 0,02 in aghaidh an lítir.

An tráth céanna, tríd an Rialachán maidir le hUasphraghas Miondíola Táirgí Peitriliam a Chinneadh, thug an Rialtas uasteorainn isteach ar phraghsanna miondíola táirgí fuinnimh trí chorrlaigh trádála a theorannú, agus uasphréimh EUR 0,1735 in aghaidh an lítir á leagan síos do ghnóthais fuinnimh le haghaidh peitreal gan luaidhe agus gás-ola a úsáidtear mar bhreoslaí d’fheithiclí araon.

De réir mar a lean an cogadh ar aghaidh agus de réir mar a tháinig méadú breise ar phraghsanna fuinnimh ar an margadh idirnáisiúnta, ghlac Rialtas Phoblacht na Cróite, an 24 Márta 2026, an dara leasú ar an Rialachán maidir le Dleacht Mháil ar Fhuinneamh agus ar Leictreachas. Leis an leasú sin, laghdaíodh an dleacht mháil ar pheitreal gan luaidhe faoi EUR 0,06 in aghaidh an lítir agus ar ghás-ola a úsáidtear mar bhreosla d’fheithiclí faoi EUR 0,07613 in aghaidh an lítir.

Ina theannta sin, laghdaíodh na préimheanna le haghaidh gnóthais fuinnimh a thuilleadh, go EUR 0,1545 in aghaidh an lítir le haghaidh peitreal gan luaidhe agus EUR 0,1245 in aghaidh an lítir le haghaidh gás-ola a úsáidtear mar bhreoslaí d’fheithiclí.

D’ainneoin na mbeart thuas, tá praghsanna miondíola táirgí fuinnimh fós i bhfad níos airde ná na praghsanna a bhí ann sular thosaigh an cogadh sa Mheánoirthear. Ón 24 Márta 2026 ar aghaidh bhí praghas miondíola peitril mótair gan luaidhe 12 % níos airde i gcomparáid leis an 24 Feabhra 2026 (i.e. sular thosaigh an choinbhleacht), agus bhí praghas miondíola breosla díosail 19 % níos airde le linn na tréimhse céanna.

Mar thoradh ar na leasuithe thuas, tá an dleacht mháil is infheidhme faoi láthair ar ghás-ola a úsáidtear mar bhreosla d’fheithiclí tar éis an t-íosleibhéal a leagtar síos le dlí an Aontais a bhaint amach. Dá bhrí sin, níl deis ag Rialtas Phoblacht na Cróite praghsanna miondíola a laghdú a thuilleadh trí laghduithe breise a dhéanamh ar dhleacht mháil ar ola gháis a úsáidtear mar bhreosla d’fheithiclí, ach i gcás peitreal gan luaidhe tá corrlach fós ann le haghaidh laghdú breise, arb ionann é agus EUR 0,09331 in aghaidh an lítir.

Sa chomhthéacs sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go raibh cainníochtaí na dtáirgí fuinnimh a scaoileadh chun ídithe chun críoch tiomána i bPoblacht na Cróite in 2025 comhdhéanta den chuid is mó de bhreosla díosail, arb é atá ann 77 % den tomhaltas iomlán. Léiríonn sé sin an tionchar an-mhór atá ag praghsanna miondíola breosla díosail ar dhálaí sóisialta agus eacnamaíocha na saoránach, agus ar fheidhmiú an gheilleagair chomh maith.

Mar gheall ar a saintréithe geografacha sonracha agus a bonneagar iarnróid nach bhfuil forbartha go leordhóthanach, tá Poblacht na Cróite ag brath go mór ar iompar de bhóthar do phaisinéirí agus d'earraí araon, chomh maith le gluaisteáin phríobháideacha agus busanna a úsáid le haghaidh comaitéireacht laethúil.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Léitear Airteagal 19(1), an chéad fhomhír, den Treoir mar a leanas:

'Sa bhreis ar na forálacha a leagtar amach sna hAirteagail roimhe seo, go háirithe in Airteagail 5, 15 agus 17, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, aon Bhallstát a údarú chun díolúintí nó laghduithe sa bhreis a thabhairt isteach le haghaidh breithnithe sonracha beartais.'

Trí bhíthin an laghdaithe cánach atá i gceist, tá sé beartaithe ag údaráis na Cróite maolú a dhéanamh ar phraghsanna arda miondíola breoslaí iompair, gás-ola agus peitril arna spreagadh ag an gcoinbhleacht sa Mheánoirthear agus, ar deireadh, an cuspóir a shaothrú tionchair shóisialta agus eacnamaíocha na staide geopholaitiúla atá ann faoi láthair a dhéanann difear do theaghlaigh agus do chuideachtaí araon a laghdú.

Mar thoradh ar na laghduithe cánach sin, ghearrfaí rátaí náisiúnta ar thairbhithe, rátaí a d'fhéadfadh titim faoi bhun íosrátaí cánach an Aontais faoin Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh, agus sin é an fáth a bhfuil an t-údarú á phlé. Is féidir rannchuidiú leis na cuspóirí beartais sonraithe leis an méid sin.

Is féidir tabhairt isteach an laghdaithe cánach sin a bheartú faoi Airteagal 19 den Treoir ós rud é gurb é is cuspóir dó cead a thabhairt do na Ballstáit díolúintí nó laghduithe breise a thabhairt isteach le haghaidh breithnithe sonracha beartais.

Tréimhse theoranta bhailíochta an údaraithe, mar atá, 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, tá an tréimhse sin laistigh den uastréimhse a cheadaítear le hAirteagal 19(2) den Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh, agus féadfar í a athnuachan.

Ar deireadh, níl an laghdú cánach carnach le haon chineál eile laghdaithe cánach.

Sna himthosca sin, is cosúil go bhfuil sé iomchuí an t-údarú a dheonú le haghaidh na tréimhse a iarradh.

An tráth céanna, bíonn costais fhioscacha mhóra i gceist le laghduithe cánach neamh-spriocdhírithe agus is gnách go méadaíonn siad an t-éileamh ar bhreoslaí iontaise, rud a chuireann leis an éagothroime idir soláthar agus éileamh. Dá bhrí sin, ba cheart an beart a bheith teoranta go docht ó thaobh ama de agus ba cheart measúnú a dhéanamh ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar an éileamh ar bhreoslaí iontaise chomh maith lena chostas fioscach. I gcás inar gá, ba cheart bearta cúiteacha a dhéanamh.

**Rialacha maidir leis an státchabhair**

An laghdú cánach sealadach a d'iarr údaráis na Cróite, rachaidh sé faoi bhun na n-íosleibhéal cánachais ar bhreoslaí iompair mar a leagtar síos in Airteagal 7 agus i dTábla A d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir faoi EUR 0,2195 in aghaidh an lítir le haghaidh

peitreal gan luaidhe agus faoi EUR 0,2250 in aghaidh an lítir le haghaidh gás-ola a úsáidtear mar bhreoslaí d'fheithiclí.

Tá an togra seo gan dochar d'aon mheasúnú ar bheart na Cróite faoi rialacha maidir leis an státchabhair. Thairis sin, ní dhéanann an togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle réamhbhreith ar oibleagáid an Bhallstáit comhlíonadh na rialacha maidir leis an státchabhair a áirithiú.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Ní mór don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar gach dréacht-mhaolú faoi Airteagal 19 den Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh agus feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh, an gá atá le hiomaíocht chóir a áirithiú agus beartais sláinte, chomhshaoil, fuinnimh agus iompair an Aontais á gcur san áireamh.

De réir údaráis na Cróite, leis an laghdú cánach atá beartaithe, ba cheart ualach sóisialta agus eacnamaíoch mhuintir na Cróite a mhaolú go páirteach, ar ualach é a eascraíonn as an ardú a tháinig le déanaí ar phraghas na mbreoslaí iompair mar thoradh freisin ar an gcoinbhleacht san Iaráin agus ar an gcur isteach ar Chaolas Hormuz.

Mar thoradh ar an staid eisceachtúil sin, ní dócha go ndéanfaidh an beart sealadach sin difear do thrádáil laistigh den Aontas. Ar an iomlán, is cosúil go bhfuil an beart inghlactha ó thaobh fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh de agus maidir leis an ngá atá le hiomaíocht chóir a áirithiú. I bhfianaise na n-éifeachtaí teoranta agus na tréimhse teoranta a bhaineann leis, níor cheart go ndéanfaí an iomaíocht a shaobhadh ná bac a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh mar thoradh ar an mbeart.

**Beartas comhshaoil agus aeráide**

Tá an tAontas tiomanta i gcónaí dá chuspóirí aeráide agus fuinnimh, mar a luaitear sa Dlí Aeráide Eorpach (Rialachán 2021/1119). Níor cheart lagú struchtúrach ar chomharthaí praghais lena spreagtar éifeachtúlacht fuinnimh agus an t-aistriú chuig foinsí fuinnimh in-athnuaite a bheith mar thoradh ar na laghduithe sealadacha cánach a cheadaítear leis an ngníomh seo.

**Beartas fuinnimh**

I bhfianaise scála an ardaithe thobainn ar phraghsanna mar thoradh ar an staid sa Mheánoirthear, ní mór do na Ballstáit a bheith in ann na rátaí máil a ísliú go sealadach faoi bhun íosrátaí an Aontais le haghaidh táirgí nach gcumhdaítear leis an bhforáil thuas.

I bhfianaise na gearrthréimhse agus na n-imthosca eisceachtúla atá ann faoi láthair agus atá nasctha leis an staid gheopholaitiúil mar aon le praghas margaidh thar a bheith ard ar tháirgí fuinnimh, meastar go bhfuil sé iomchuí agus comhréireach a bheith in ann rátaí máil a laghdú faoi bhun na n-íosrátaí a bhunaítear faoi Threoir 2003/96/CE i bhfianaise an ghá atá le cothromaíocht idir na cuspóirí sonracha beartais a liostaítear in Airteagal 19 den Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh, agus go h-áirithe i mbeartas comhshaoil an Aontais, agus an riachtanas éigeandála atá ann inacmhainneacht fuinnimh a áirithiú le haghaidh gnólachtaí agus teaghlach.

**Beartas an mhargaidh inmheánaigh agus iomaíocht chóir**

Mar thoradh ar an staid eisceachtúil, ní dócha go ndéanfaidh an beart sealadach sin difear do thrádáil laistigh den Aontas. Ar an iomlán, is cosúil go bhfuil an beart inghlactha ó thaobh

fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh de agus maidir leis an ngá atá le hiomaíocht chóir a áirithiú. I bhfianaise na n-éifeachtaí teoranta agus na tréimhse teoranta a bhaineann leis, níor cheart go ndéanfaí an iomaíocht a shaobhadh ná bac a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh mar thoradh ar an mbeart.

**Beartas sóisialta**

An t-ardú atá tugtha faoi deara agus a bhfuil coinne leis ar chostas an fhuinnimh ar fud an Aontais, tá tionchar díréireach aige ar theaghlaigh ar ioncam íseal ós rud é gur gnách go gcaitheann siad sciar níos mó dá mbuiséid ar chostais fuinnimh[5]. Is féidir tionchar sóisialta dearfach a bheith ag laghduithe ar dhleachtanna máil ar tháirgí fuinnimh trí rannchuidiú le costais fuinnimh a laghdú le haghaidh teaghlaigh ar ioncam íseal.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Airteagal 19 de Threoir 2003/96/CE ón gComhairle.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Níl an réimse cánach indíri a chumhdaítear le hAirteagal 113 CFAE ann féin faoi inniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh de réir bhrí Airteagal 3 CFAE.

Os a choinne sin, de bhun Airteagal 19 de Threoir 2003/96/CE, tugadh inniúlacht eisiach don Chomhairle, mar ábhar dlí thánaistigh, chun Ballstáit a údarú chun díolúintí nó laghduithe sa bhreis a thabhairt isteach de réir bhrí na forála sin. Dá bhrí sin, ní féidir leis na Ballstáit iad féin a chur in ionad na Comhairle. Mar thoradh air sin, níl prionsabal na coimhdeachta infheidhme maidir leis an gcinneadh cur chun feidhme seo. In aon chás, ó tharla nach dréachtghníomh reachtach an gníomh seo, níor cheart é a tharchur chuig Parlaimintí náisiúnta de bhun Phrótacal Uimh. 2 a ghabhann leis na Conarthaí lena athbhreithniú maidir lena chomhlíontacht le prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Leis an togra seo urramaítear prionsabal na comhréireachta. Ní théann na laghduithe cánach seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir atá i gceist a bhaint amach.

Is ar feadh tréimhse an-teoranta ama atá an t-údarú, is é sin ar feadh 6 mhí, agus i gcomhthéacs géarchéime fuinnimh.

- **An rogha ionstraime**

Cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle atá san ionstraim atá beartaithe. Ní dhéanann Airteagal 19 de Threoir 2003/96/CE foráil ach maidir leis an gcineál sin birt.

5 *Economic and distributional effects of higher energy prices on households in the EU - Employment, Social Affairs and Inclusion* [Éifeachtaí eacnamaíocha agus dáileacháin a bhíonn ag praghsanna fuinnimh níos airde ar theaghlaigh san Aontas - Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú]

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní cheanglaítear leis an mbeart aon mheastóireacht a dhéanamh ar an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Tá an togra seo bunaithe ar iarraidh a rinne an Chróit agus baineann sé leis an mBallstát sin amháin.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ní raibh aon ghá le saineolas seachtrach.

- **Measúnú tionchair**

Baineann an togra seo le húdarú a thabhairt do Bhallstát aonair ar a iarraidh féin agus ní cheanglaítear leis measúnú tionchair a dhéanamh. I gcomhréir leis na rialacha maidir le rialáil níos fearr, níl na cineálacha sin gníomhartha faoi réir measúnú tionchair, de bharr a gcineáil.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní dhéantar foráil leis an mbeart maidir le simpliú. Is toradh é ar an iarraidh a rinne an Chróit agus baineann sé leis an mBallstát sin amháin.

- **Cearta bunúsacha**

Níl aon tionchar ag an mbeart ar chearta bunúsacha.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní chuirtear aon ualach airgeadais ná riaracháin ar an Aontas leis an mbeart seo. Dá bhrí sin, ní bheidh aon tionchar ag an togra ar bhuiséad an Aontais.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Níl aon ghá le plean cur chun feidhme. Baineann an togra seo le húdarú le haghaidh laghdú cánach, a sholáthraítear ar feadh tréimhse theoranta ama. D'fhéadfadh na rátaí cánach is infheidhme titim faoi bhun na n-íosleibhéal cánachais a leagtar síos sa Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh. Is féidir meastóireacht a dhéanamh ar an mbeart sin i gcás togra chun síneadh a chur le bailíocht an Chinnidh seo.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Ní cheanglaítear leis an togra aon doiciméad míniúcháin a bheith ann maidir leis an trasuí.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Sonraítear in Airteagal 1 go mbeidh cead ag an gCróit rátaí cánachais laghdaithe a chur i bhfeidhm maidir le gás-ola agus peitreal gan luaidhe a úsáidtear mar bhreoslaí d'fheithiclí, faoi bhun na n-íosleibhéal cánachais.

Sonraítear in Airteagal 2 go ndeonaítear an t-údarú a iarradh ar feadh 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh, mar a d'iarr an Chróit, laistigh den uastréimhse 6 bliana a cheadaítear leis an Treoir.

2026/0153 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena n-údaraítear an Chróit le rátaí laghdaithe dleachta máil a chur i bhfeidhm maidir le gás-ola agus peitreal gan luaidhe a úsáidtear mar bhreoslaí d'fheithiclí, de bhun Airteagal 19 de Threoir 2003/96/CE**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2003/96/CE ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2003 lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Comhphobail maidir le cánachas ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas[1], agus go háirithe Airteagal 19 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sna seachtainí roimh ghlacadh an Chinnidh seo, tugadh faoi deara arduithe géara leanúnacha ar phraghsanna mórdhíola agus miondíola táirgí fuinnimh ar fud an Aontais, arna spreagadh ag na forbairtí geopholaitiúla sa Mheánoirthear, a raibh tionchar acu ar shlabhraí soláthair ola agus táirgí ola ar fud an domhain. Bhí éifeachtaí díobhálacha suntasacha ag na forbairtí sin ar theaghlaigh, go háirithe ar thomhaltóirí leochaileacha, agus ar ghnóthais, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, agus ar an gcaoi sin tá riosca tromchúiseach ag baint leo don chomhtháthú sóisialta, don chobhsaíocht eacnamaíoch agus d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh.

(2) Sna Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 19 Márta 2026[2] d'aithin an Chomhairle cineál urghnách staid an mhargaidh fuinnimh agus na himpleachtaí maicreacnamaíocha a bhaineann leis sin. D'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún Eorpach oibriú i ndlúthchomhar leis na Ballstáit chun bearta náisiúnta sealadacha spriocdhírithe a cheapadh, chun tionchair mhóra na méaduithe ar phraghsanna breosla mar gheall ar an ngéarchéim sa Mheánoirthear a mhaolú, agus leag sí béim go háirithe ar an ngá atá le freagairt chomhordaithe ós rud é go bhfuil tionchar láithreach ag an gcoinbhleacht sa Mheánoirthear ar phraghsanna fuinnimh do shaoránaigh agus do ghnólachtaí na hEorpa.

(3) Dleachtanna máil, arna mbunú le Treoir 2003/96/CE, cuireann siad le costas deiridh na dtáirgí fuinnimh a sholáthraítear laistigh den Aontas. Le laghdú ar dhleachtanna máil faoi bhun na n-íosrátaí, is féidir cuid de na harduithe ar chostais fuinnimh atá ag na Ballstáit faoi láthair a mhaolú.

(4) Leis na solúbthachtaí dá bhforáiltear i dTreoir 2003/96/CE, is féidir leis na Ballstáit, laistigh de theorainneacha sainithe, an t-ualach cánach ar tháirgí sonracha fuinnimh a laghdú ar bhealach spriocdhírithe sealadach. I bhfianaise chineál eisceachtúil práinneach na staide reatha, is gá foráil a dhéanamh maidir le solúbthachtaí sonracha a

[1] IO L 283, 31.10.2003, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/96/oj.

[2] https://www.consilium.europa.eu/media/lwhk3itd/en-20260319-european-council-conclusions.pdf

bhfuil teorainn ama leo agus atá dírithe go sainráite ar thionchar an tsuaite i bpraghsanna fuinnimh a mhaolú.

(5) Le laghduithe sealadacha ar chánachas ar tháirgí fuinnimh, is féidir faoiseamh tapa a thabhairt do theaghlaigh agus do ghnóthais trí phraghsanna úsáideoirí deiridh a laghdú go díreach. Sa staid reatha, is ionstraim oiriúnach agus riachtanach iad na laghduithe urghnácha sin chun aghaidh a thabhairt ar an suaitheadh tromchúiseach sa gheilleagar a eascraíonn as an suaitheadh i bpraghsanna fuinnimh.

(6) Le litir dar dáta an 2 Aibreán 2026 d'iarr údaráis na Cróite údarú, de bhun Airteagal 19 de Threoir 2003/96/CE, chun rátaí laghdaithe dleachta máil a chur i bhfeidhm maidir le gás-ola agus peitreal gan luaidhe a úsáidtear mar bhreoslaí d'fheithiclí, a thagann faoi bhun na n-íosleibhéal cánachais is infheidhme maidir le breosla d'fheithiclí dá dtagraítear in Airteagal 7 den Treoir sin faoi EUR 0,2195 in aghaidh an lítir le haghaidh peitreal gan luaidhe agus faoi EUR 0,225 in aghaidh an lítir le haghaidh gás-ola. Iarradh an t-údarú le haghaidh tréimhse 6 mhí.

(7) De réir údaráis na Cróite, is é is aidhm do ráta laghdaithe dleachta máil a chur i bhfeidhm tionchair na bpraghsanna arda miondíola peitril agus gás-ola a mhaolú, ar praghsanna iad atá mar thoradh ar an staid gheopholaitiúil agus a dhéanann difear díreach do theaghlaigh agus do chuideachtaí araon.

(8) Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar an údarú a iarradh agus ní dócha go gcuirfidh sé bac ar fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh. I bhfianaise a ghiorra atá an maolú a iarradh agus na n-imthosca eisceachtúla atá nasctha leis an staid gheopholaitiúil mar aon le praghas margaidh thar a bheith ard ar ola, cinneadh go bhfuil an maolú a iarradh leordhóthanach agus comhréireach i bhfianaise an ghá atá le cothromaíocht idir na cuspóirí sonracha beartais a liostaítear in Airteagal 19(1) de Threoir 2003/96/CE, agus go h-áirithe i mbeartas comhshaoil an Aontais, agus an riachtanas éigeandála atá ann inacmhainneacht fuinnimh a áirithiú le haghaidh gnólachtaí agus teaghlach.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart an Chróit a údarú chun rátaí laghdaithe dleachta máil atá faoi bhun íosleibhéil an Aontais a chur i bhfeidhm go sealadach maidir le peitreal gan luaidhe agus gás-ola a úsáidtear mar bhreoslaí d'fheithiclí.

(10) I gcomhréir le hAirteagal 19(2) de Threoir 2003/96/CE, tá gach údarú a dheonaítear faoin bhforáil sin le bheith teoranta go docht ó thaobh ama de. Mar sin féin, ionas nach ndéanfar dochar d'fhorbairtí a dhéanfar amach anseo ar an gcreat dlíthiúil atá ann cheana, is iomchuí a fhoráil gur cheart, i gcás ina ndéanfadh an Chomhairle, ag gníomhú di ar bhonn Airteagal 113 nó aon fhoráil ábhartha eile den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, íosleibhéil nua chánachais dá dtagraítear in Airteagal 7 de Threoir 2003/96/CE a thabhairt isteach le haghaidh gás-ola agus peitreal gan luaidhe a úsáidtear mar bhreoslaí d'fheithiclí nach n-oiriúnófaí an t-údarú seo dóibh, scoirfeadh an t-údarú sin d'fheidhm a bheith aige.

(11) An tráth céanna, bíonn costais fhioscacha mhóra i gceist le laghduithe cánach neamh-spriocdhírithe agus is gnách go méadaíonn siad an t-éileamh ar bhreoslaí iontaise, rud a chuireann leis an éagothroime idir soláthar agus éileamh. Dá bhrí sin, ba cheart an beart a bheith teoranta go docht ó thaobh ama de.

(12) Tá an Cinneadh seo gan dochar do chur i bhfeidhm rialacha an Aontais maidir leis an Státchabhair,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Údaraítear an Chróit le laghdú suas le EUR 0,2195 in aghaidh an lítir a chur i bhfeidhm le haghaidh peitreal gan luaidhe a úsáidtear mar bhreoslaí d'fheithiclí agus suas le EUR 0,225 in aghaidh an lítir le haghaidh gás-ola a úsáidtear mar bhreoslaí d'fheithiclí faoi bhun na n-íosrátaí dleachta máil dá dtagraítear in Airteagal 7 de Threoir 2003/96/CE.

*Airteagal 2*

Beidh feidhm ag an gcinneadh sin go dtí [6 mhí tar éis lá an fhógra].

Mar sin féin, i gcás ina modhnóidh an Chomhairle, ag gníomhú di ar bhonn Airteagal 113 nó aon fhoráil ábhartha eile den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, na híosleibhéil chánachais dá dtagraítear in Airteagal 7 de Threoir 2003/96/CE le haghaidh gás-ola agus peitreal gan luaidhe a úsáidtear mar bhreoslaí d'fheithiclí nach mbeadh an t-údarú a deonaíodh in Airteagal 1 den Chinneadh seo comhoiriúnach leo, scoirfidh an Cinneadh seo d'fheidhm a bheith aige an lá a thiocfaidh an t-íosleibhéal modhnaithe cánachais sin chun bheith infheidhme.

*Airteagal 3*

Gabhfaidh éifeacht leis an gCinneadh seo an dáta a thabharfar an fógra faoi.

*Airteagal 4*

Is chuig Poblacht na Cróite a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*